

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 7

Oifig an Aire Airgeadais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil sa bhliain 2023, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2022, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear barrachas €6.220 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclárán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

Sócmhainní doláimhsithe

Rinneadh na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh agus a ghearradh ar bhonn bliantúil ó mhí na fála go mí na diúscartha.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla, airgeadais agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hlonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte próiseas iniúcháireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá an dearbhú sin bunaithe ar mheascán de na nithe seo a leanas:

- an obair iniúcháireachta inmheánaí a dhéanann aonad iniúcháireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- na hiniúchtaí a dhéanann gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithé Lontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúcháir ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Sna hiniúchtaí sin, tugtar tuairisc ar éifeachtacht na rialuithe a oibríodh sa bhliain 2023.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe dom maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúcháireachta inmheánaí agus maidir leis na tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú na rialuithe le linn na bliana 2023. Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte, mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Úsáideann an Roinn feidhm iniúcháireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus bíonn a phleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta agus a bhíonn faofa agam) bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainathint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaitheann na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord Feidhmiúcháin an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistíofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaitheann na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaitheann aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2023 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

John Hogan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 7 – Oifig an Aire Airgeadais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 – Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 7 – Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Aire Airgeadais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhiráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitnínm agus measúnaím rioscaí an mhiráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaitnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitnínm aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Beartas eacnamaíoch agus fioscach				
	<i>Bunaidh</i>	26,816		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	50		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			26,867	24,202
				24,985
B Beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais				
	<i>Bunaidh</i>	20,498		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	50		
			20,548	16,884
				15,405
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	47,314		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	100		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			47,415	41,086
				40,390
<i>Lúide</i>				
C Leithreasaí-i-gcabhair				
			910	911
				1,038
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	46,404		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	100		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			46,505	40,175
				39,352

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státhchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €110,000 de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 agus B.2 anonn chuig an mbliain 2024.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le géilleadh	6,329,913	3,548,171
Géilleadh iarchurtha	(110,000)	(100,000)
Barrachas le géilleadh	<u>6,219,913</u>	<u>3,448,171</u>

John Hogan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

28 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	12,614	11,676
Pá	24,361	22,640
Neamhphá	4,111	6,074
Ollchaiteachas	41,086	40,390
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	911	1,038
Glanchaiteachas	40,175	39,352
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)		
Ceannacháin	(815)	
Amúchadh	9	
	(806)	(235)
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	132	
Laghdú ar speansais fhabhraithe	(187)	
	(55)	461
Caiteachas díreach	39,314	39,578
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	22,086	14,694
Measchósanna	1,236	1,236
Glanhostas an chláir	62,636	55,508

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile.

		2023 €000	2022 €000
Vóta 11	Caiteachas Poiblí, Seachadadh PFN agus Athchóiriú	240	—
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,829	14,213
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	993	946
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	6,445	246
Vóta 20	An Garda Síochána	244	232
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	472	420
An Príomh-Chiste - pinsin airí		269	267
		<u>23,492</u>	<u>16,324</u>
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(1,406)	(1,630)
		<u>22,086</u>	<u>14,694</u>

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	2.1	—	—
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	1,047	241
Sócmhainní seasta iomlána		1,047	241
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		—	760
Réamhíocaíochtaí	2.3	204	336
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	1,236	—
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	574	271
Iomlán na sócmhainní reatha		2,014	1,367
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim		922	—
Speansais fhabhráithe	2.4	564	751
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	888	787
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	—	244
Iomlán na ndliteanas reatha		2,374	1,782
Glansócmhainní/(glan dliteanais) reatha		(360)	(415)
Glansócmhainní		687	(174)
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	687	(174)

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh oifige €000	Trealamh TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^a			
Ag an 1 Eanáir 2023	223	222	445
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	—	—	—
Coigeartuithe	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	223	222	445
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2023	223	222	445
Dímheas don bhliain	—	—	—
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—
Coigeartuithe	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	223	222	445
Glansócmhainní	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023			
Ag an 31 Nollaig 2022	—	—	—

Note ^a Ar an 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha go sócmhainní Doláimhsithe (nóta 2.2).

2.2 Sócmhainní doláimhsithe^a

	Bogearraí faighte agus forbartha	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Ag an 1 Eanáir 2023	—	241	—
Breiseanna ^b	815	—	1,056
Aistrithe	241	(241)	—
Diúscairtí	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	1,056	—	1,056
Amúchadh carntha			
Ag an 1 Eanáir 2023	—	—	—
Amúchadh don bhliain	9	—	9
Amúchadh diúscairtí	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	9	—	9
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023	1,047	—	1,047
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	—	—	—

Nóta ^a Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní fála agus forbartha bogearraí a athaicmiú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh chuig sócmhainní doláimhsithe.

^b Costais a bhaineann leis an gCóras um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS). Le linn na bliana 2023, ba go díreach as an bPríomh-Chiste a íocadh leis an mBanc Ceannais €509,000 de bhreiseanna le haghaidh BORIS (agus níor iompraíodh leis an Vóta iad). Ba é an chúis leis sin ná go bhfuil toirmeasc ar Bhanc Ceannais na hÉireann faoi Airteagal 123 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gabháil do 'mhaoiniú airgeadaíochta'. Dá réir sin, ní fhéadfaidh sé a acmhainní féin a úsáid chun íoc as speansais a thabhaíonn sé i gcomhlíonadh a fheidhmeanna mar Chláraitheoir. Ní raibh BORIS curtha i bhfeidhm go fóill ag an 31 Nollaig 2023 mar gheall ar ábhair imní faoi fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Ceadúnais agus tacaíocht TF	54	260
Oiliúint	90	34
Síntiúis	48	39
Réamhíocaíochtaí eile	12	3
	204	336

2.4 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Costais iasachta	341	600
Costais áitribh oifige	66	34
Riarachán ginearálta	41	52
Taisteal agus cothú	36	—
Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	80	65
	564	751

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	81	26
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	19	15
Tuarastail in-fhorchúitithe	177	72
Míreanna dochair eile ar fionraí	297	158
	574	271

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	358	324
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	240	205
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	11	13
Cáin bhreisluacha	45	40
Ranníocaíochtaí pinsin	83	71
Cáin mhaoine áitiúil	2	1
Muirear sóisialach uilíoch	74	65
	813	719
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	75	68
	888	787

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	6,220	3,448
Géilleadh iarchurtha	110	100
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(7,566)	(3,304)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	(1,236)	244
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	760
Iarmhéideanna dochair: fionraí	574	271
	574	1,031
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(813)	(719)
Iarmhéid sochair: fionraí	(75)	(68)
Banc agus airgead tirim	(922)	—
	(1,810)	(787)
	(1,236)	244

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		(174)	52
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	46,505	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(110)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(6,220)	
Glanvóta		40,175	39,352
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	22,086	14,694
Caiteachas nach airgead tirim é – measchós	1	1,236	1,236
Glanchostas an chláir	1	(62,636)	(55,508)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		687	(174)

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	13	2

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Banc (CÉRB) agus maidir le Permanent TSB. Tá na caingne sin á gcosaint, agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Tugadh cosaintí áirithe tríú páirtí (i riocht barántas agus slánaíochtaí) i ndáil le díol Irish Life Limited, i ndáil le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, i ndáil le diúscairt scaireanna i mBanc na hÉireann agus in AIB, agus i ndáil le leachtú CÉRB.

Ní ionann iad sin agus liosta iomlán dlíthíochta ná cosaintí tríú páirtí. Cuireadh na míreanna ar leith sin ar áireamh toisc gur tharla sé, tráth a tionscnaíodh nó a soláthraíodh iad, go raibh tábhacht ar leith ag baint leo don Aire agus don Stát.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Soláthar meastacháin</i>			
	<i>Meastachán forlíontach</i>	26,805		
		(400)	26,405	22,640
ii	Taisteal agus cothú	1,084	978	557
iii	Oiliúint agus forbairt	573	405	306
iv	Seirbhísí gairmiúla, seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	150	22	13
v	Speansais oibriúcháin	2,237	924	3,493
vi	Speansais áitribh agus chóiríochta	1,247	687	598
vii	Speansais chumarsáide	324	167	258
viii	Speansais sócmhainní agus trealaimh			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	930		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	100	1,030	849
		33,050	28,471	28,714

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt

Soláthar meastacháin €573,000; toradh €405,000

Bhí tearc-chaitheamh €168,000 ann mar gheall ar an nglacadh le cúrsaí áirithe agus leis an scéim um Aisíoc Táillí a bheith níos ísle ná mar a bhíodhas ag coinne leis.

iv Seirbhísí gairmiúla, seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €150,000; toradh €22,000

Tháinig an tearc-chaitheamh €128,000 chun cinn toisc go ndearnadh leis an bhfo-mhírcheann seo soláthar don chostas a bhaineann le comhairle ilghnéitheach de chineál riaracháin, ar chomhairle í a bhí ag teastáil d'oiliúint, do staidéir, do thaighde

agus do sheirbhísí tacaíochta le haghaidh roinnt feidhmeanna de chuid na Roinne, ar nithe iad is deacair a thuar le cinnteacht.

v Speansais oibriúcháin

Soláthar meastacháin €2.237 milliún; toradh €924,000

Áiríodh leis an bhfo-mhírcheann seo leithdháileadh do mhuirir úis a bhaineann leis an gcuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais. Tháinig an tearc-chaitheamh €1.313 milliún chun cinn, áfach, toisc gur fhill rátaí dearfacha úis ar ais agus nach raibh an leithdháileadh ag teastáil dá bharr sin. Féach nóta 4.2.

vi Speansais áitribh agus chóiríochta

Soláthar meastacháin €1.247 milliún; toradh €687,000

Tríd is tríd, baineann an tearc-chaitheamh €560,000 faoin bhfo-mhírcheann seo le deacrachtaí i ndáil le hoibreacha caipitil beartaithe a sceidealú.

vii Speansais chumarsáide

Soláthar meastacháin €324,000; toradh €167,000

Rinneadh leis an bhfo-mhírcheann seo soláthar do speansais chumarsáide na Roinne, lenar áiríodh naisc theileafónaíochta fosaithe agus móibílí gutha agus naisc líonra fhosaithe agus mhóibíligh sonraí. Tháinig an tearc-chaitheamh €157,000 chun cinn toisc go mbíonn sé deacair an toradh a thuar.

Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	11,291		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(400)	10,891	10,645
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	3,407		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	50	3,457	1,803
A.3	Coistí agus coimisiúin			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	370		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	401	771	598
A.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile		748	496
A.5	Deontas breosla		11,000	10,660
		26,867	24,202	24,985

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

A.3 Coistí agus coimisiúin

Soláthar meastacháin €370,000; toradh €598,000

Tríd is tríd, tháinig an róchaitheamh €228,000 chun cinn mar gheall ar chomhaontú chun an Roinn Sláinte a íoc i leith thuarastal Chathaoirleach an Bhoird Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe, rud nach rabhthas ag coinne leis sa soláthar meastacháin.

A.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €748,000; toradh €496,000

Tháinig an tearc-chaitheamh €252,000 chun cinn mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, áit nach féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus nach mór buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Clár B Beartas Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	15,514	13,716	12,381
B.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Soláthar meastacháin</i>	3,138		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	50		
		3,188	2,308	1,832
B.3	Coistí agus coimisiúin	42	21	25
B.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	1,267	360	676
B.5	An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	537	479	491
		20,548	16,884	15,405

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

B.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €1.267 milliún; toradh €360,000

Tháinig an tearc-chaitheamh €907,000 chun cinn mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, áit nach féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus nach mór buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2023		2022
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Forchúiteamh speansas faoin scéim ráthaíochta bainc	10	—	49
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	750	776	753
3	Ilghnéitheach	150	135	236
Iomlán		910	911	1,038

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Bailithe	11,976	—
Aistrithe chuig an Státchiste	11,976	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Thuill an cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ús €11.927 milliún sa bhliain 2023. Íocadh é sin leis an Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>352</u>	<u>313</u>

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	21,451	20,011
Iomarcaíocht/scaoilíocaíocht	16	30
Íocaíocht pinsin	21	—
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	216	167
Liúntais eile	527	490
Ragobair	173	159
ÁSPC an fhostóra	1,957	1,783
Pá iomlán	<u>24,361</u>	<u>22,640</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	16	10	29,946	31,728
Liúntais eile	124	8	116,178	50,717
Ragobair	56	7	26,476	22,470
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	12	8	52,065	26,602

5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Banda pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	176	194
60,000	69,999	28	16
70,000	79,999	12	18
80,000	89,999	37	35
90,000	99,999	34	21
100,000	109,999	10	13
110,000	119,999	8	10
120,000	129,999	11	9
130,000	139,999	1	2
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	3	3
170,000	179,999	2	1
180,000	189,999	—	—
190,000	199,999	—	2
200,000	209,999	1	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	1
230,000	239,999	—	—
240,000	249,999	1	—

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €265,742 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2023 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	28	48,118	18,060
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	25,543	9,266

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn na bliana 2023, fuair ball foirne amháin ar foirceannadh a f(h)ostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta €3,156 agus scaoilíocaíochtaí €13,111. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise de sheirbhís bharúlach ná aon fheabhas eile ar na téarmaí fabhráithe pinsin.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

	2023	2022
	€000	€000
Bunphá	241	225

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Feidhmeanna córais baincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais baincéireachta a tharmligean chuig Gnómhachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht don Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordachán ón Aire, leanann GBCN le costais an aonaid a íoc, ar costais iad a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta.

6.2 Coistí agus coimisiúin

	2023 €000	2022 €000
Coimisiún buan		
An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa ^a	21	25
An Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe ^b	598	86
Coimisiún cuspóra shocráithe		
An Coimisiún um Chánachas agus Leas ^c	—	128
	619	239

- Nóta ^a Is é feidhm reachtúil an Choiste (faoi alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas
- bainistiú comhar creidmheasa a fheabhsú
 - leas comhaltaí agus creidiúnaithe comhar creidmheasa a chosaint agus
 - cibé nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire am go ham ar bhonn comhairle ón gCoiste.
- ^b Gnómháíonn an Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach liachta sinsearach bundeimhniú liachta dóibh i leith na Scéime um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamhálaís Chánach). Bunaíodh an Bord sa bhliain 1989. D'éirigh an Bord ar fad as i mí na Samhna 2021, rud a bhí ar cheann amháin de na cúiseanna leis an gcaitheamh a bheith níos ísle sa bhliain 2022. Tar éis idirbheartaíochta, áfach, chomhaontaigh an Roinn íocaíocht a dhéanamh leis an Roinn Sláinte chun freastal ar na costais a bhaineann le tuarastal Chathaoirleach an Bhoird. Tá an Bord i mbun feidhme anois, agus atosáíodh éisteachtaí achomhairc i mí na Nollag 2023.

- ^c Bunaíodh an Coimisiún um Chánachas agus Leas chun breithniú neamhspleách a dhéanamh ar conas is fearr is féidir leis na córais chánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht mhéadaithe agus rathúnas méadaithe a chur chun cinn, á chinntiú ag an am céanna go mbíonn go leor acmhainní ar fáil chun costais na seirbhísí poiblí agus na dtacaí poiblí sa mheántearma agus san fhadtearma a sheasamh. Seoladh an tuarascáil ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas an 14 Meán Fómhair 2022. Níor tabhaíodh aon chostais sa bhliain 2023.

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh a rinne daoine den phobal	lomlán 2023	lomlán 2022 ^a
	€000	€000	€000
Líon na gcásanna			3
Costais dlí na Roinne féin			22
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	—
Costais eile	—	—	—
lomlán 2023	—	—	22
lomlán 2022	22	22	

Nóta ^a D'aisíoc tríd páirtí na costais seo leis an Roinn sa bhliain 2022.

6.4 An cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais

	2023	2022
	€000	€000
Muirear úis dhiúltaigh	—	2,715

Nóta Is ann don chuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais chun gur féidir rianú a dhéanamh ar iasachtaíocht agus aisíocaíocht cistí barrachais a shealbhaítear i gcuntas soláthair an Pháimháistir Ghinearálta. Muirear ar Vóta 7 sa bhliain 2022 ba ea muirir úis dhiúltaigh ar iarmhéideanna sa chuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ag an mBanc Ceannais. Aisíocadh formhór na muirear sin, áfach, trí 80% de bharrachais bhliantúla an Bhainc Ceannais a ghéilleadh don Phríomh-Chiste.

Thuill an cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ús €11.9 milliún sa bhliain 2023. Íocadh é sin leis an Státchiste mar 'fháltas breise', agus tá sé léirithe i nóta 4.2.

6.5 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €110,000 i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas sa bhliain 2023 a tugadh anonn chuig an mbliain 2024.

	2024
	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	<u>110</u>

Bhog an Roinn go clár straitéiseach amháin sa bhliain 2024.